

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills


**Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim**

TUAIRISC

**Scoil Náisiúnta Cholmcille
An Tulach, Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe**

Uimhir rolla: 18514H

Dáta na Cigireachta: 14 Eanáir 2016



Tuairisc ar Mheastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Réamhrá

Is bunscoil Ghaeltachta í Scoil Náisiúnta Cholmcille. Tá an scoil suite ar an Tulach i gceantar Chois Fharraige thart ar dhá chileameadar is tríocha siar ó Chathair na Gaillimhe. Is é Ardeaspag Caitliceach Thuama patrún na scoile. Tá an scoil rannpháirteach sa scéim náisiúnta *Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh* (DEIS) agus i *Scéim na gCúntóirí Teanga*.

Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU – BCF) sa scoil in Eanáir 2016. Ag uair na meastóireachta bhí 132 dalta idir bhuachaillí agus chailíní ionrollaithe sa scoil. Tá an tuairisc seo bunaithe ar shampla de cheachtanna a breathnaíodh i raon de shuímh foghlama sa scoil, caidreamh le daltaí agus athbhreithniú ar a gcuid oibre, cruinnithe leis an bpríomhoide agus le hionadaithe an bhoird agus na dtuismitheoirí, ceistneoirí a líon tuismitheoirí agus daltaí, agus raon de dhoiciméid scoile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

Is iad seo a leanas **na príomhchinntí**:

- Is scoil Ghaeltachta í Scoil Náisiúnta Cholmcille ina seasann an fhoireann go láidir le Gaeilge a úsáid mar theanga chaidrimh agus teagaisc.
- Leagtar béim inmholta ar thréithe cultúrtha na Gaeltachta a chur chun cinn sa scoil.
- Tugann pobal na scoile an-tacaíocht don scoil ach ní mór struchtúir a bhunú chun ról lánbhrí a thabhairt do thuismitheoirí i saol na scoile.
- Déantar an-chúram de bhainistíocht na ndaltaí agus cothaíonn an fhoireann atmaisféar dearfach foghlama sa scoil.
- Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith ar an iomlán. B'fhiú béim níos treise a leagan ar úsáid straitéisí idirdhealaithe agus dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm phlean feabhsúcháin na scoile.
- Tá beartas maidir le caomhnú páistí ag an scoil agus tá sé mar phríomhthosca ag an mbord bainistíochta nua-cheaptha an beartas a athbhreithniú agus a nuashonrú.

Déantar **na príomh-mholtaí** seo a leanas:

- Moltar an plean scoile a fhorbairt a thuilleadh agus deimhin a dhéanamh de go ndéantar athbhreithniú go bliantúil ar an bpolasaí um chaomhnú leanaí.
- Moltar béim a leagan ar úsáid straitéisí idirdhealaithe chun freastal ar dhifríochtaí aonair na ndaltaí.
- B'fhiú na tuismitheoirí a spreagadh chun cumann tuismitheoirí a bhunú faoi scáth Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí.
- Moltar ról ceannaireachta na foirne bainistíochta in-scoile a fhorbairt chun tacú le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm phlean feabhsúcháin na scoile.

Torthaí

1. Gnóthachtáil foghlama na ndaltaí

- Tá cáilíocht na foghlama go maith ar an iomlán. Léiríonn na daltaí i bhformhór na ranganna scileanna maithe éisteachta agus cumarsáide. Téann siad i mbun oibre le muinín agus le díocas agus gnóthaíonn siad dea-thuiscint ar a bhfuil múinte. Is inmholta réimse na foghlama atá le sonrú trasna an churaclaim i gcuid de na ranganna.

- Is léir go bhfuil an-mheas ag na daltaí ar an nGaeilge agus ar chultúr na Gaeltacha. Tá ardlíofachta Gaeilge ag an mórchuid na ndaltaí. Tá amhráin agus dánta ar eolas ag gach rang agus tá an amhránaíocht ar an sean-nós ar chaighdeán an-ard.
- Léiríonn torthaí na scrúduithe caighdeánacha sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic éagsúlacht leathan i ngnóthachtáil na ndaltaí. Ní mór straitéisí idirdhealaithe a úsáid go forleathan sa scoil chun freastal go cuí ar riachtanais aonair na ndaltaí. B'fhiú réimse na straitéisí measúnaithe a leathnú chun roghnú na n-imeachtaí léinn a threorú agus chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil dul chun cinn na ndaltaí ag teacht lena leibhéal inniúlachta.
- Tugann na daltaí go díograiseach faoi ghníomhaíochtaí léitheoireachta agus scríbhneoireachta a chur i gcrích sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. I gcuid de na ranganna scríobhann na daltaí scéalta fíorshuimiúla ina bhfuil dea-litriú, comhréir chruinn agus samhlaíocht bhreá le sonrú iontu. Moltar breis béime a leagan ar líofacht léitheoireachta agus ar bhrí a chur in iúl sa léitheoireacht. B'fhiú díriú freisin ar chomhtháthú na hoibre sna hachair dhifriúla churaclaim chun deis a thapú do na daltaí na séanraí difriúla scríbhneoireachta a chleachtadh ar bhonn rialta sa dá theanga suas tríd an scoil.

2. Cáilíocht an teagaisc

- Tá cáilíocht an teagaisc go maith ar an iomlán.
- Soláthraíonn na múinteoirí ar fad pleanáil dá gcuid oibre agus caitheann siad dua le timpeallacht spreagúil a chruthú. Bíonn tionchar suntasach ag na téacsleabhair ar ábhar na pleanála go ginearálta. Moltar díriú ar an bplean scoile a fhorbairt ionas gurb é an plean scoile a threoraíonn pleanáil, roghnú ábhair agus an cur chuige teagaisc, agus gur taca don teagasc iad na téacsleabhair.
- Oibríonn na múinteoirí go fonnmhar le chéile agus le cúntóirí riachtanas speisialta chun an soláthar do dhaltaí le deacrachtaí léinn nó riachtanais speisialta a eagrú. Cuirtear clár luath-idirghabhála i bhfeidhm agus eagraítear aistarraingt ón rang agus tacaíocht inranga. Moltar athbhreithniú a dhéanamh anois ar na cláir aonair léinn chun spriocanna cinnte léinn a shainiú do na daltaí. B'fhiú machnamh a dhéanamh freisin ar an luath-idirghabháil a thosú níos luaithe agus ar obair stáisiúin a eagrú i ranganna áirithe.
- Tá Gaeilge den scoth ag na múinteoirí idir líofacht, shaibhreas agus chruinneas de. Cleachtar an tumoideachas go han-rathúil chun an Ghaeilge a bhunú go luath mar phríomhtheanga na scoile. Chun ardchaighdeán Gaeilge a chinntiú do na daltaí sa todhchaí, b'fhiú réimse na teanga do gach rang a shainiú go soiléir sa phlean scoile trí théamaí agus fothéamaí a cheapadh a chuireann san áireamh na príomhriachtanais teanga a thacaíonn leis an bhfoghlaim sna hachair eile churaclaim. Moltar clár gramadaí uile scoile don Ghaeilge a aontú agus a mhúineadh.
- Múintear an Béarla go foirmiúil ó rang na naíonán mór. Is ríshoiléir i gcuid de na ranganna go gcaitear tréimhsí cinnte ama leis an teanga ó bhéal a mhúineadh agus go mbaintear feidhm an-éifeachtach as an úrscéal, ach go háirithe, chun tuiscint agus leathnú foclóra a chur chun cinn. B'fhiú an dea-chleachtas seo a dhaingniú agus clár teanga ó bhéal a phleanáil don scoil agus a mhúineadh go comhsheasmhach ó rang go rang.
- Tá raon d'áiseanna léitheoireachta ar fáil sa scoil agus baintear úsáid éifeachtach astu i ranganna áirithe chun obair ghrúpa a eagrú. Moltar an cleachtas seo a leathnú sa scoil agus a chinntiú go dtapaítear an deis do dhaltaí i ngach rang dul i ngleic le réimse cuí ábhar léitheoireachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.
- Is inmholta an cúram a chaitear i ranganna ar leith leis na luathscileanna peannaireachta a mhúineadh, le scrípt reatha a chur chun cinn agus le néatacht a chothú san obair scríofa. Moltar béim a leagan ar bhonn uile scoile ar na daltaí a threorú chun na céimeanna uile de réiteach faidhbe a chlárú sna cóipleabhair mhatamaitice.

3. Tacaíocht d'fholláine na ndaltaí

- Déantar an-chúram de bhainistíocht na ndaltaí. Is leas mór leo go bhfuil seomra ilchéadfaí lánfheistithe agus clós le dromchla speisialta ag an scoil. Bíonn na daltaí páirteach i raon leathan imeachtaí ina n-áirítear ceolchoirmeacha scoile, féiltí drámaíochta agus imeachtaí spóirt.
- Thug údarás na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbunscoile*, gan athrú ná leasú. Tá polasaí um chosaint leanaí ag an scoil agus tá sé mar phríomhthosca ag an mbord bainistíochta nua-cheaptha an polasaí a athbhreithniú agus a nuashonrú. Cuirtear i gcuimhne don bhord gur chóir tuairisc ar chaomhnú leanaí a chlárú i miontuairiscí chruinnithe uilig an bhoird.

4. Ceannaireacht agus Bainistíocht

- Tá an príomhoide ag gníomhú go dian díograiseach chun fíis réaltaíoch d'fhorbairt na scoile a roinnt leis na páirtithe éagsúla. Bíonn cruinnithe rialta ag an bpríomhoide le cathaoirleach an bhoird bainistíochta agus leis an bhfoireann teagaisc. Oibríonn an príomhoide go héifeachtach i gcomhar leis an bpríomhoide tánaisteach, le múinteoir dualgais speisialta agus leis na baill eile foirne chun gnóthaí na scoile a riar. Moltar cruinnithe foirmeálta a eagrú le sealbhóirí na bpost freagrachta agus ról ceannaireachta na foirne bainistíochta in-scoile a fhorbairt a thuilleadh.
- Tá bord bainistíochta nuacheaptha ag an scoil. Tá sé beartaithe ag an mbord athbhreithniú a dhéanamh de réir a chéile ar raon de pholasaithe scoile chomh maith le ról lánbhri a ghlacadh sa phróiseas féinmheastóireachta. Tá socruithe idir lámhe ag an mbord chun cuntais na scoile a fháil deimhnithe de réir *Alt 18 den Acht Oideachais*.
- Aithníonn an bord an tábhacht a bhaineann le bainistiú na cumarsáide le pobal na scoile. Moltar don bhord tacú leis na tuismitheoirí cumann tuismitheoirí a bhunú sa scoil faoi scáth *Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí*.

5. Féinmheastóireacht Scoile

- Tá iarracht dháirire á déanamh ag an bhfoireann teagaisc cultúr na féinmheastóireachta a chur chun cinn sa scoil. Tá tuairisc fhéinmheastóireachta scoile agus plan feabhsucháin scoile curtha i bhfocal ag an bhfoireann.

Críoch

Tá cumas na scoile chun tuilleadh forbartha a dhéanamh go maith toisc ardleibhéal suime agus dearcadh dearfach na mball foirne.